Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8194/25**

**CO EUR-PREP 16**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (26 agus 27 Meitheamh 2025) – Dréacht-Chlár Oibre anótáilte |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá ina ionadaí don Bhallstát a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige agus le hUachtarán an Choimisiúin, le dréachtchlár oibre anótáilte a chur faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta.*

*Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchlár oibre anótáilte a thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ina leagtar amach na príomhábhair a dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh orthu ag an gcruinniú thuas, mar a mheastar.*

*I bhfianaise an phlé deiridh a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta laistigh de chúig lá roimh an gcruinniú den Chomhairle Eorpach, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí leis an gclár oibre sealadach a dhréachtú.*

## I. AN ÚCRÁIN

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar gach gné de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ar thacaíocht leanúnach an Aontais don Úcráin agus do mhuintir na tíre sin.

## II. AN MEÁNOIRTHEAR

Díreoidh an Chomhairle Eorpach ar a bhfuil tarlaithe le déanaí sa Mheánoirthear.

## III. COSAINT AGUS SLÁNDÁIL NA HEORPA

Ag eascairt as an iarraidh atá déanta aici go gcuirfí dlús leis an obair ar gach snáithe lena gcuirfear méadú cinntitheach le hullmhacht cosanta na hEorpa sna 5 bliana atá amach romhainn, fillfidh an Chomhairle Eorpach ar cheist na cosanta agus na slándála. Breathnóidh sí ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na gconclúidí a ghlac sí roimhe seo agus cuirfidh sí treoir ar fáil de réir mar is gá.

Sa chomhthéacs sin, meastar go ndéanfaidh an Chomhairle Eorpach trácht go háirithe ar an obair chun cistiú a shlógadh, aghaidh a thabhairt ar bhearnaí criticiúla cumais agus bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta na hEorpa a neartú ar fud an Aontais.

## IV. AN TAONTAS SA DOMHAN MÓR

Pléifidh an Chomhairle Eorpach na hullmhúcháin do na cruinnithe mullaigh atá ar na bacáin le tríú tíortha agus an caidreamh le comhpháirtithe, i bhfianaise an chomhthéacs pholaitiúil agus eacnamaíoch dhomhanda atá ann faoi láthair.

## V. AN TIOMAÍOCHAS

Beidh seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach maidir le forbairtí eacnamaíocha.

Mar obair leantach ar na conclúidí roimhe seo, déanfaidh an Chomhairle Eorpach a marana ar an dul chun cinn atá déanta maidir le gníomhaíochtaí chun an t-iomaíochas agus an Margadh Aonair a neartú.

Iarrfar ar an gComhairle Eorpach na moltaí comhtháite tírshonracha a phlé ar bhonn nóta cothrománach, mar a phléigh an Chomhairle iad, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann clabhsúr a chur ar Sheimeastar Eorpach 2025.

## VI. AN IMIRCE

Breithneoidh an Chomhairle Eorpach an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na conclúidí uaithi maidir leis an imirce.